

Dreasachtaí Airgeadais agus Tacaíochtaí do Ghnóthaí



Tacaíochtaí Airgeadais do Ghnóthaí

Cuireann Údarás na Gaeltachta réimse dreasachtaí agus tacaíochtaí ar fáil do ghnóthaí incháilithe i réimse earnálacha chun gnó a thosú, a fhorbairt, a leathnú nó a lonnú i gceantar Gaeltachta.

Tá na céadta comhlacht, ó chomhlachtaí atá tar éis tosú go mórcomhlachtaí idirnáisiúnta, i ndiaidh gnó a bhunú sa Ghaeltacht le cabhair ó Údarás na Gaeltachta.

Má tá tú ag smaoineamh ar do ghnó a leathnú agus díriú ar réimsí eile, ar tháirge nua a fhorbairt, nó ar éagsúlú i dtreo nua, b'fhéidir go bhfuil Údarás na Gaeltachta in ann tacú leat.

Céard é an tÚdarás...

Is eagraíocht forbartha réigiúnach é an tÚdarás atá maoinithe ag an Rialtas chun forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha na Gaeltachta a chur chun cinn. Tá sé mar mhóraidhm aige an Ghaeilge a chaomhnú agus a chothú mar theanga phobail an réigiúin.

An saghas gnó a dtugtar tacaíocht dó...

Tá cúnaimh ar fáil do raon leathan gnólachtaí a chuireann fostaíocht ar fáil in earnálacha incháilithe. Bíonn an tÚdarás ag plé le gach cineál gnólacht, idir mhór agus bheag, ó réimse d'earnálacha difriúla, ina measc:

- Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
- Déantúsaíocht Nideoige agus Nua-aimseartha
- Seirbhísí Trádála Idirnáisiúnta
- Cógaisíocht agus Feistí Leighis
- Closamhairc agus na Meáin Dhigiteacha
- Gnóthaí Teangabhunaithe
- Próiseáil Bia
- Feirmeoireacht/Próiseáil Éisc
- Turasóireacht Chultúrtha
- Na hEalaíona agus Ceardaíocht
- Gnóthaí Pobalbhunaithe



Céard a dhéanann an tÚdarás...

Tá sé de chúram ar an Údarás geilleagar na Gaeltachta agus fostaíocht dá bharr a spreagadh trí ghnóthaí nua agus gnóthaí atá ann cheana a chothú, infreastruchtúr nua-aimseartha gnó a fhorbairt agus linn scileanna na Gaeltachta a threisiú.

www.udaras.ie

Spás Oibre

Tá punann maoinne ilghnéitheach ag Údarás na Gaeltachta ar fud na Gaeltachta. Cuirtear maoin ar fáil ar rátaí cíosa iomaíocha agus is féidir le cliant tairbhe a bhaint as socruithe léasa solúbtha. Is féidir foirgintí a chur in oiriúint ag brath ar riachtanais an ghnó. Tá réimse áitribh ar fáil ar a n-áirítear:

- Páirceanna gnó
- Aonaid fhiontair
- Spás oifige
- Gorlanna gnó
- Suíomh le forbairt

Cén chaoi a roghnaítear na tionscadail a dtugtar tacaíocht dóibh?

Déantar gach togra gnó a mheas ar bhonn aonarach. Cuirtear san áireamh nithe ar nós suíomh tíreolaíoch, cineál gnólachta, poitéinseal fostaíochta, agus leibhéil scileanna na bhfostaithe mar chuid den mheasúnú.

Ní mór do gach togra gnó a inmhathanacht, maoiniú agus poitéinseal margaíochta a léiriú, agus a thaispeáint go bhfuil an saineolas bainistíochta agus teicniúil cuí ar fáil chun an tionscal nó an tseirbhís nua a bhunú ar bhonn seasmhach.

Tá na leibhéil deontais do thionscadail ghnó phríobháideacha á rialú ag treoirlínte cúnaimh stáit an Aontais Eorpaigh.



Conas gur féidir iarratas a dhéanamh?

Cinntíonn an tÚdarás, trína ghréasán d'oifigí réigiúnacha, go bhfuil fáil ag gnólachtaí ar chomhairle, ar thacaíocht agus ar eolas maidir le scéimeanna deontais an Údarais.

Is féidir iarratas ar dheontas a dhéanamh trí fhoirm iarratais a líonadh agus a sheoladh chuig d'oifig áitiúil. Is féidir teacht ar na foirmeacha iarratais ar www.udaras.ie nó teagmháil a dhéanamh le haon cheann dár n-oifigí réigiúnacha.

Ag tosú gnó...

An bhfuil deis feicthe agat chun táirge nó seirbhís a chur ar fáil a bheadh ag teastáil ón margadh? Tá Údarás na Gaeltachta in ann cuidiú leat chun an chéad chéim a ghlacadh. Tá muid in ann comhairle, tacaíochtaí airgid agus acmhainní eile a thairiscint a bheidh in ann cuidiú leat chun do ghnó féin a bhunú. Tá réimse de scéimeanna cabhracha airgeadais againn a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach duit:

- **Deontais Staidéar Féidearthachta** chun deis a thabhairt duit measúnacht a dhéanamh ar inmhathanacht do choincheap gnó. Is féidir na costais a bhaineann le taighde margaíochta, forbairt na fréamhshamhla, comhairliúchán agus forchostais eile a chur san áireamh.
- **Scéim Forbartha Micrifhiontar** a chuireann maoiniú ar fáil do ghnó nua incháilithe i leith na gcostas a bhaineann le caiteachas caipitiúil.
- **An Scéim 'Chéad Chéim'** a chuireann maoiniú ar fáil do na costais bhunaidh a bhaineann le do ghnó a thosú.
- Faoin scéim **Dearbhán Nuálaíochta** tá dearbháin ar fáil ar fiú €5,000 iad chun cuidiú le comhlachtaí atá ag tosú amach oibriú le coláiste cláraithe nó le soláthraí eolais chun scrúdú a dhéanamh ar dheis ghnó nó chun fadhb theicniúil a réiteach.
- Cuireann **an Scéim Mheantóireachta** tacaíocht ar fáil do mheantóir gnó a chuideoidh leat i do chéim tosaíthe gnó nó a thabharfaidh comhairle faoi réimsí sonracha de do phlean.



Ag forbairt do ghnó...

Má tá gnó agat agus tú ag smaoineamh an gnó a leathnú, táirge nua a fhorbairt nó éagsúlú i dtreo nua, tá réimse de dhreasachtaí airgeadais ag Údarás na Gaeltachta a chuideoidh leat, iad seo a leanas san áireamh:

Tacaíochtaí do Leathnú Gnó

- **Deontas caipitil** – is féidir é sin a íoc i gcás ina bhfuil infheistíocht chéaduaire a déanamh i sócmhainní dochta ar nós foirgnimh, fearas agus innealra agus i sócmhainní doláimhsithe a chruthaítear le haistriú teicneolaíochta trí sheilbh a fháil ar chearta paitinne, ar cheadúnais nó ar eolas teicniúil nach bhfuil paitinn air.
- Cuireann an **deontas fostaíochta** tacaíocht ar fáil chun cuidiú le fostaíthe nua a earcú.
- Cuireann an **deontas oiliúna** tacaíocht ar fáil do chlár oiliúna a thugann oiliúint nó scileanna nua d'fhostaithe.
- **Infheistíocht i scairchaipiteal** - is féidir leis an Údarás gnáthscaireanna a thógáil i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide sna céimeanna tosaigh agus sna céimeanna leathnaithe nuair a bhíonn tábhacht straitéiseach leis d'fhorbairt an fhiontair.

Tacaíochtaí Margaíochta agus Easpórtála

- **Deontas do Scileanna Taighde Margaíochta** – cuirtear tacaíocht ar fáil do na costais a bhaineann le taighde agus le fiosrú faoi dheiseanna nua gnó go hidirnáisiúnta, agus áirítear ann tá an taighde ar mhargadh nua do tháirge nua nó do tháirge reatha, nó chun taighde a dhéanamh ar mhargadh reatha do tháirge nua.
- **Deontas chun Páirt a Ghlacadh in Aonach Trádála** – tugann sé sin tacaíocht don chostas a bhaineann leis an gcéad rannpháirtíocht in aonach trádála ar leith nó i dtaispeántas gnó le gnó.
- **An Clár Graduates for International Growth** – déanann sé sin céimithe agus comhlachtaí a mheaitseáil lena chéile chun pleananna a fhorbairt agus a chur i gcrích atá dírithe ar fás margaí lárnacha. Tugtar tacaíocht do thuarastal agus d'oiliúint an chéimí.
- **Deontas do Sheirbhísí Chomhairleoireachta** – tacaíonn sé le comhlachtaí chun taighde agus fiosrú a dhéanamh faoi dheiseanna nua gnó agus chun comhairle a thabhairt faoi straitéisí margaíochta.

Tacaíochtaí do Thaighde agus Forbairt agus don Nuálaíocht

- **Deontas Taighde agus Forbartha** – chun tacú le gnóthaí le margaí nua a fhorbairt mar aon le teicneolaíochtaí, táirgí, próisis agus chomhghuaillíochtaí straitéiseacha a fheabhsóidh a gcuid feidhmíochta i margaí atá éirí níos iomaíche.
- **Ciste T & F** a chuireann tacaíocht ar fáil d'fhiontair atá fócasaithe ó thaobh na tráchtála de, agus atá ag dul do sheirbhísí, táirgí agus próisis nuálacha agus dírithe ar an tionsclaíocht.
- Tá **Dearbháin Nuálaíochta** ar fiú €5,000 iad ar fáil chun cuidiú le comhlachtaí oibriú le coláiste cláraithe nó le soláthraí eolais chun scrúdú a dhéanamh ar dheis ghnó nó chun fadhb theicniúil a réiteach.

Tacaíochtaí Forbartha Bainistíochta

- Is féidir an **deontas meantóireachta** a úsáid chun fiosrú a dhéanamh faoin bhféidearthacht a bhaineann le forbairt ar tháirge nua, próiseas, teicneolaíocht nó soláthar seirbhíse.
- Tugann an **deontas do Chomhairleoireacht Straitéiseach** tacaíocht don chostas a bhaineann le tionscnamh nua straitéiseach forbartha a phleanáil nó a chur i bhfeidhm i do chomhlacht.
- Tugann an **deontas 'Key Manager'** tacaíocht don chostas a bhaineann le bainisteoir lárnach nua a fhostú, ach an té sin a bheith riachtanach d'fhorbairt chomhlachta amach anseo agus a bheith ag tabhairt scileanna nó saineolas lárnach chuig foireann shinsearach bhainistíochta an chomhlachta.

Tacaíochtaí d'Fheabhsú Táirgíochta agus Próiseas Gnó

- Tugann na deontais **Lean Start, Lean Plus agus Lean Transform** tacaíocht do chomhlachtaí chun a bhfeidhmíocht agus a n-iomaíochas a fheabhsú agus a mhéadú trí thabhairt faoi shannacháin 'Lean'. Ar na costais incháilithe tá táillí do chomhairleoir/oiliúnaí seachtarach 'Lean' agus is féidir leis sin oiliúint an fhostaí agus na costais a ghabhann leis sin a chlúdach.
- Tairgtear an **deontas GreenStart** chun tacaíocht a thabhairt do na costais a bhaineann le tabhairt faoi Shannachán GreenStart – eolas a chur ar an gcleachtas is fearr ó thaobh cúrsaí timpeallachta de.
- Tugann an **Deontas Feabhsúcháin Phróiseas Ghnó** tacaíocht do thionscadail ghearrthréimhseacha comhlachta agus tá siad leagtha amach chun forbairt a dhéanamh ar chumas bainistíochta mar aon le héifeachtúlachtaí agus próiseas gnó an chomhlachta a thiomáint. Ar na tionscadail atá incháilithe tá LeanPlus, E-Mhargaíocht nó GreenPlus.





Sonraí Teagmhála

Má tá tuilleadh eolais nó foirm iarrtais á lorg agat déan teagmháil le d'oifig áitiúil nó logáil isteach ar www.udaras.ie.

Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair
Doirí Beaga
Co. Dhún na nGall
T: 074-9560100
F: 074-9560101

An Áislann
Béal an Mhuirthhead
Co. Mhaigh Eo
T: 097-81418
F: 097-82179

Na Forbacha
Co. na Gaillimhe
T: 091-503100
F: 091 503101

Páirc Ghnó an Daingin
Baile an Mhuilinn
Daingean Uí Chúis
Co. Chiarraí
T: 066-9150100
F: 066-9150101

Baile Mhic Íre
Páirc Ghnó Bhaile Mhic Íre
Maigh Chromtha
Co. Chorcaí
T: 026-45366
F: 026-45423

